



**Imlitir 0007/2013 Rev 2015**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Scoileanna  
Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**

**An Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair do Mhúinteoirí agus do Chúntóirí Riachtanas  
Speisialta fostaithe i mBunscoileanna, Meánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna  
Cuimsitheacha**

## **1. Réamhrá**

Ar 31 Nollaig, 2012, d'fhógair an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tosú, le feidhm ón 1 Eanáir 2013, ar an **Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair** (“Scéim Aonair”), mar a fhoráiltear dó san [Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí \(Scéim Aonair agus Forálacha Eile\), 2012](#)

Is iad seo a leanas príomhheilimintí na Scéime;

- tá iontrálaithe nua a cheaptar ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ina gcomhaltaí den Scéim Aonair
- beidh fostaithe atá ann cheana a éiríonn as/a théann ar scor agus a mbíonn briseadh an fhostaíocht de 26 seachtain nó níos mó ina gcomhaltaí den Scéim Aonair ar fhilleadh ar fhostaíocht dóibh
- úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn pinsean agus cnapshuim gach bliain agus déantar iad a uasrátaíl gach bliain trí thagairt don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí [C.P.I.]
- aois pinsin íosta nasctha le haois Pinsin Stáit (66 bliain ar dtús, agus ardú go 67 i 2021 agus 68 i 2028)
- tá aois scoir éigeantach 70 i bhfeidhm
- tá arduithe pinsin iar-scoir nasctha le C.P.I.

### **Aidhm na hImlitreach seo**

Shínigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ordú um thosach feidhme agus rinne sé rialacháin (IR 581 de 2012) ag forordú comhlachtaí áirithe mar údaráis ábhartha maidir leis an Scéim Aonair. Tá sé de fhreagracht ar na húdaráis ábhartha uile ranníocaíochtaí ó chomhaltaí den Scéim Aonair a bhailiú agus a chur ar ais chun leasa an Stáitchiste.

Ina leith seo ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna go gcaithfidh na húdaráis scoile freagrachtaí áirithe a chur i gcrích d'fhonn téarmaí an Acht a chur i bhfeidhm.

Chomh maith leis an Scéim Aonair rinneadh roinnt athruithe ar scéimeanna pinsin seirbhíse poiblí atá ann cheana in Acht na bliana 2012 Acht agus tugtar achoimre ar na hathruithe seo san Imlitir seo.

## **2. Ballraíocht sa Scéim Pinsin Aonair nua**

### **(a) Iontrálaithe Nua**

Baineann an Scéim Aonair le múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta nua uile a cheaptar don chéad uair ó 1 Eanáir 2013 chomh maith le hiarmhúinteoirí agus iarchúntóirí riachtanas speisialta ag filleadh ar an tseirbhís phoiblí i ndiaidh briste níos mó ná 26 seachtain i bhfostaíocht inphinsin na hearnála poiblí.

Tá sé de fhreagracht ar údarás na scoile a bhunú ag am an cheapacháin cé acu an mbaineann téarmaí na Scéime Aonair leis an múinteoir nó cúntóir riachtanas speisialta atá á c(h)eapadh.

### **(b) Fostaithe atá ann cheana**

Faoi théarmaí Achta 2012, fanfaidh múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta atá fostaithe ar 31 Nollaig 2012 in scéimeanna pinsin “cheana” .i. ní bheidh siad ina gcomhaltaí sa Scéim Aonair. Má chríochnaíonn a bhfostaíocht, áfach, ansin beidh aon athfhostú ina dhiaidh sin chuig post múinteoireachta nó CRS ar bhonn ballraíochta sa Scéim Aonair, ach amháin má tharlaíonn athfhostú dá leithéid laistigh de 26 seachtain ón bpost múinteoireachta nó chúntóir riachtanas speisialta a fhágáil.

Tá sé tábhachtach a lua, má tá an múinteoir nó cúntóir riachtanas speisialta ar iasacht chuig post san earnáil phoiblí nó as láthair ar shaoire neamhláithreachta cheadaithe ar nós saoire mháithreachais nó sos gairme, nach meastar gur briseadh seirbhíse é seo agus mar sin nach mbaineann an riail 26-seachtain.

## **3. Deimhniú chineál an Cheapaí**

Mar fhostóirí, ní mór d'údaráis bhainistíochta scoileanna a dheimhniú, nuair atá duine á c(h)eapadh chuig post múinteoireachta nó CRS don chéad uair i ndiaidh 1 Eanáir 2013 go bhfuil an ceapaí ina c(h)omhalta den Scéim Aonair.

Bhí iachall ar údaráis bhainistíochta suas le 31 Nollaig 2012, a léiriú cé acu ar “iontrálaí nua” duine faoi réir théarmaí na hImlitreach 10/04 Bunscoile agus na hImlitreach Pá 09/04 Iar-Bhunscoile. Tá an Scéim Pinsin Aonair tagtha ina ionad seo.

Tá iachall ar Údaráis Bhainistíochta, ón 1 Eanáir 2013, a sheiceáil agus a thaifeadadh ar bhonn fhéindheimhniú an cheapaí cé acu an bhfuil an ceapaí ina c(h)omhalta den Scéim Aonair. Ní mór d'údaráis bhainistíochta, ag am an cheapacháin, a sheiceáil cé acu an raibh duine atá á c(h)eapadh fostaithe roimhe sin agus gur éirigh sé/sí as nó go ndeachaigh sé/sí ar scor ó fhostaíocht sa mhúinteoireacht nó mar chúntóir riachtanas speisialta nó aon fhostaíocht inphinsin seirbhíse poiblí. I gcásanna mar sin, má tá an briseadh sa tseirbhís níos mó ná 26 seachtain tá aon athfhostú ina dhiaidh sin mar mhúinteoir nó mar chúntóir riachtanas speisialta ar bhonn ballraíochta sa Scéim Pinsin Aonair.

Tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaidh údaráis bhainistíochta an t-eolas a dheimhniú agus a chinntiú go dtugann siad faoi na nithe mar a luaitear san Imlitir seo toisc go gcinneann an t-eolas an scéim pinsin ina bhfuil an múinteoir/cúntóir riachtanais speisialta ina b(h)all le feidhm ó 1 Eanáir 2013.

Ní mór na sonraí cuí a líonadh isteach ar an bhfoirm cheapacháin chaighdeánach á cur faoi bhráid na Roinne ag am an cheapacháin. I gcás ceapaithe ionadaíocha nó páirtaimseartha ní mór na sonraí cuí a chur isteach ar an gCóras Éilimh Ar Líne (OLCS).

## **4. Dualgas le dearbhúchán a dhéanamh ar thosú fostaíochta**

### **(a) (i) Duine atá ag fail Pinsin:**

Ní mór do gach múinteoir agus cúntóir riachtanas speisialta a ghlacann fostaíocht agus a bhfuil sochair scoir á fháil aige/aici seachas pinsean na Roinne Coimirce Sóisialaí, ar cheapachán dó/di, dearbhúchán a sholáthar ar an bhfoirm cheapacháin agus ar an bhfoirm dhearbhúcháin reachtúil SPS/S51, mar is cuí, maidir le cé acu an bhfuil sochair pinsin á fháil aige/aici ó ón gcomhlacht seirbhíse poiblí.

**(a) (ii) Duine a bhfuil teidlíocht Choinnithe aige/aici do shochair scoir**

Ní mór do gach múinteoir agus cúntóir riachtanas speisialta a ghlacann fostaíocht agus a bhfuil teidlíocht choinnithe aige/aici do shochair scoir seachas pinsean na Roinne Coimirce Sóisialaí, ar cheapachán dó/di, dearbhúchán a sholáthar ar an bhfoirm cheapacháin agus ar an bhfoirm dhearbhúcháin reachtúil SPS/S51, mar is cuí, maidir le cé acu an bhfuil teidlíocht thodhchaíoch do phinsean coinnithe, do chnaphuim choinnithe nó do shochar scoir coinnithe eile aige/aici.

**(b) Duine atá i bhFostaíocht Chomhuaineach:**

Ní mór do gach múinteoir nó cúntóir riachtanas speisialta a mheastar a bheith ina c(h)omhalta den scéim pinsin aonair atá fostaithe go comhuaineach i bhfostaíocht earnála poiblí eile, ar cheapachán dó/di, dearbhúchán a líonadh isteach ar an bhfoirm cheapacháin agus ar an bhfoirm dhearbhúcháin S46 mar is cuí.

**(c) Fostaithe ionadaíocha agus páirtaimseartha**

Ní mór don duine atá á c(h)eadadh agus don údarás bhainistíochta a chinntiú go ndéantar na dearbhúcháin chuí, ar cheapachán. I gcás mhúinteoirí nó chúntóirí riachtanas speisialta fostaithe ar bhunús ionadaíoch nó páirtaimseartha atá ag fáil pinsin nó atá i bhfostaíocht chomhuaineach, ní mór na foirmeacha dearbhúcháin ábhartha S46 nó SPS/S51 mar is cuí a chomhlánú ar an gcéad cheapachán i ngach scoilbhliain agus a chur faoi bhráid na Roinne ag na húdaráis bhainistíochta.

## **5. Téarmaí caighdeánacha na Scéime Aonair agus Forálacha eile san Acht**

**(a) Téarmaí caighdeánacha na Scéime Aonair**

- pinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheántuilleamh gairme;
- déanfar pinsin a chomhordú leis an bPinsean Stáit Ranníocach (PSR);
- aois pinsin socraithe, ar dtús, ag 66 bliana; ardóidh sé seo i gcomhar le hathruithe reachtúla san aois PSR go 67 bliana i 2021 agus 68 bliana i 2028;
- aois scoir éigeantach de 70;
- rátaí ranníocachta 3.5% den ghlanluach saothair inphinsin agus 3% den luach saothair inphinsin
- áis do scor luath ó 55 bliana d'aois ar bhonn cost-neodrach (laghdaithe go hachtúireach);
- áis do scor luath ar bhonn leighis, faoi réir choinníollacha áirithe;
- sochar báis sa tseirbhís de dhá oiread luach saothair inphinsin bliantúil;
- sochair choinnithe íoctha ar iarratas ag an aois ag a mbeadh comhalta i dteideal an Pinsean Stáit Ranníocach (PSR) a fháil;
- pinsin do chéilí nó páirtithe sibhialta agus do leanaí incháilithe;
- arduithe iar-scoir nasctha le CPI.

**(b) Forálacha Eile san Acht**

Tháinig Caibidil 4 (ailt 49-54) de Chuid 2 den Acht (*Forálacha a bhaineann le Scéimeanna Pinsin Seirbhíse Poiblí uile*) i bhfeidhm go hiomlán (sa mhéid agus a bhaineann le scéimeanna pinsin seirbhíse poiblí eile a bhí ann cheana) ar 1 Samhain 2012 agus i leith.

Tógann Caibidil 4 roinnt forálacha le chéile i réimse amháin den reachtaíocht phríomha lena n-áirítear teorainn 40-bliain ar sheirbhís iomlán inphinsin thar scéimeanna pinsin seirbhíse poiblí iolracha, leathnú na scóipe ar laghdú pinsin agus roinnt forálacha a dearadh chun tacú le riarachán éifeachtúil pinsin, bailiú eolais san áireamh.

Is iad seo a leanas na hait i gCaibidil 4:

- *Alt 49 (Dualgas le heolas a thabhairt, srl.)*
- *Alt 50 (Úsáid na hUimhreach Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP))*
- *Alt 51 (Dualgas le dearbhúcháin a dhéanamh, srl.)*
- *Alt 52 (Laghdú agus ríomh ar sheirbhís inphinsin)*
- *Alt 53 (Scor nó laghdú sochair)*
- *Alt 54 (Teidlíocht marthanóra ar phinsean)*

## **6. Achoimre ar fhreagrachtaí na nÚdarás Scoile**

Is iad seo a leanas príomhfhreagrachtaí na n-údarás bainistíochta maidir le feidhmiú na Scéime Pinsin Aonair:

- ✓ A chinntiú go bhfuil an ceapaí ar an eolas faoina f(h)reagracht maidir le comhlánú an dearbhúcháin/na ndearbhúchán cuí (déan tagairt d'Alt 4).
- ✓ Eolas iomlán a fháil ón múinteoir nó ón gcúntóir riachtanas speisialta ar cheapachán chun cinneadh a cheadú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an duine ina c(h)omhalta den Scéim Pinsin Aonair.
- ✓ Na Dearbhúcháin chuí uile a chur i láthair an mhúinteora nó an chúntóra riachtanas speisialta agus a chinntiú go gcomhlánaíonn siad iad
- ✓ A chinntiú go gcuirtear eolas ceart isteach ar OLCS agus go dtugtar é don Roinn ar na foirmeacha ceapacháin.

Cuir an Imlitir ar a súile do na fostaithe uile agus d'fhostaithe ionchasacha uile, led' thoil.

## **7. Tuilleadh eolais ar an Scéim Pinsin Aonair**

Is féidir an Imlitir seo a rochtain ar shuíomh gréasáin na Roinne <http://www.education.ie> .

Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí is ea í seo agus tá an t-eolas ábhartha ar fad faoin Scéim (an tAcht, Leabhrán Eolais, srl) ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe <http://per.gov.ie/pensions/>

Tá nasc leis an suíomh gréasáin sin ar fáil ar leathanach na bPinsean ar shuíomh gréasáin na Roinne seo <http://education.gov.ie>

A. Killian  
Aonad Pinsean  
Eanáir 2013

P. Maloney  
Aonad Párolla  
Eanáir 2013

Iatáin: Foirm Dhearbhúcháin S46  
Foirm Dhearbhúcháin SPS/S51

**Dearbhúchán**  
**ag tagairt d'Imlitir 0007/2013**

**Foirm S46**

**Le comhlánú ag comhalta den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair atá  
fostaithe go comhuaineach i bpost seirbhíse poiblí eile**

Ní mór an cháipéis chomhlánaithe a chur ar ais chuig Rannóg Párolla na Roinne Oideachais agus Scileanna leis na foirmeacha Ceapacháin/Athcheapacháin.

**Dearbhaím go bhfuilimse anois i bhfostaíocht chomhuaineach in phost - tugtar sonraí thíos:**

Sonraí luacha saothair agus fostaíochta – má tá níos mó ná beirt fhostóirí ann líon isteach an dara foirm, led' thoil			
<b>1. Sonraí na fostaíochta atá á glacadh agat anois:</b>			
Ainm agus Seoladh an Fhostóra Scoile			
Uimhir Rolla na Scoile			
Teideal an Phoist		Líon na n-uaireanta ar Conradh	
Dáta tosaithe na fostaíochta seo			
Ollphá Bliantúil nó		Ráta pá in aghaidh na huaire	
<b>2. Sonraí maidir le Fostaíocht Earnála Poiblí comhuaineacha eile:</b>			
Ainm agus Seoladh an Fhostóra eile			
Uimhir Rolla na Scoile (má tá tú fostaithe i scoil eile)			
Teideal an Phoist		Líon na n-uaireanta ar Conradh	
Dáta tosaithe na fostaíochta seo			
Ollphá Bliantúil nó		Ráta pá in aghaidh na huaire	

Sínithe: \_\_\_\_\_ Uimhir PSP: \_\_\_\_\_

Ainm (Bloclitreacha): \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

**Alt 51 (Dualgas le dearbhúcháin a dhéanamh srl.) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012** (1) Beidh ar aon duine - (a) a ghlacann fostaíocht i gcomhlacht seirbhíse poiblí, agus (b)— (i) a bhfuil teidliocht acu d'aon phinsean coinnithe nó aon chnapshuim choinnithe nó aon sochar scoir eile, nó (ii) a fuair nó atá ag fáil sochar scoir, faoi scéim pinsin seirbhíse poiblí atá ann cheana a raibh sé nó sí mar chomhalta de, dearbhúchán a thabhairt ina leith sin don údarás cuí.

**Alt 46 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012** —(1) Má tá luach saothair inphinsin á thuilleamh maidir le fostaíocht chomhuaineach ag duine mar sheirbhíseach poiblí i gceann amháin nó níos mó de chomhlachtaí seirbhíse poiblí, ansin ní chuirfear ach luach saothair inphinsin an tseirbhísigh phoiblí maidir le fostaíocht lánaimseartha amháin nó coibhéis chomhiomlánaithe fostaíochta lánaimseartha amháin san áireamh chun na suimeanna ar féidir tagairt dóibh a ríomh mar a fhoráiltear dóibh sna ranna um ríomh sochar.

**Dearbhúchán  
ag tagairt d'Imlitir 0007/2013**

**Foirm SPS/S51**

**Le comhlánú ag fostaí agus é/í ag glacadh le ceapachán i scoil má tá  
pinsean seirbhíse poiblí ar fáil aige/aici**

Ní mór an cháipéis chomhlánaithe a chur ar ais chuig Rannóg Párolla na Roinne Oideachais agus Scileanna leis na foirmeacha Ceapacháin/Athcheapacháin.

Faoi réir Ailt 51 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, dearbhaím leis seo go bhfuil pinsean seirbhíse poiblí á fháil agam mar atá sonraithe (*má tá pinsean céile nó pinsean ón Roinn Coimirce Sóisialaí á fháil agat ní gá é a liostáil anseo*):

SOCHAR PINSIN			
Cineál pinsin Deonach; CNER; Drochshláinte; srl			
Ollphinsean bliantúil reatha		Líon na mblianta seirbhíse sular bronnadh an pinsean	
Ainm agus seoladh na Comhlachta a d'údaraigh íocaíocht an phinsin leat.			

Sínithe: \_\_\_\_\_ Uimhir PSP: \_\_\_\_\_

Ainm (Bloclitreacha): \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Líon é seo isteach ag tabhairt sonraí na scoile ina bhfuil ceapachán á ghlacadh agat.

Uimhir Rolla na Scoile	Ainm agus Seoladh na Scoile	Dáta an Cheapacháin

Éilíonn Alt 51 (*Dualgas le dearbhúcháin a dhéanamh srl.*) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012:

(1) Beidh ar aon duine - (a) a ghlacann fostaíocht i gcomhlacht seirbhíse poiblí, agus (b)— (i) a bhfuil teidlíocht acu d'aon phinsean coinnithe nó aon chnapshuim choinnithe nó aon sochar scoir eile, nó (ii) a fuair nó atá ag fáil sochar scoir, faoi scéim pinsin seirbhíse poiblí atá ann cheana a raibh sé nó sí mar chomhalta de, dearbhúchán a thabhairt ina leith sin don údarás cuí.

(2) Déanfaidh aon duine a dhéanann iarratas ar shochar ó scéim pinsin seirbhíse poiblí atá ann cheana dearbhúchán don údarás chuí maidir le haon phinsean coinnithe nó aon chnapshuim choinnithe nó aon sochar scoir eile ó aon scéim pinsin seirbhíse poiblí eile atá á fháil aige nó aici nó a bhfuil teidlíocht aige nó aici ina leith.

(3) Déanfaidh aon duine lena mbaineann alt 52 (*Laghú agus ríomh ar sheirbhís inphinsin*), ar iarratas ar phinsean seirbhíse poiblí ó aon chomhlacht seirbhíse, dearbhúchán don údarás cuí maidir le cé acu an bhfuil luach saothair á fháil aige nó aici ó chomhlacht seirbhíse poiblí ar bith agus aon eolas ábhartha atá de dhíth ar an údarás cuí do chúiseanna an ailt sin.